

# **Ag Tacú le Scoláirí Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha agus Trasinsneacha:**

## **Ról na dTreoirchomhairleoirí**

Údair:



*Foilsithe ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO) mar alt don Lámhleabhar Scoile um Threoir*



## Clár

Ag Tacú le Scoláirí Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha agus Trasinsneacha: .....	1
Ról na dTreoirchomhairleoirí .....	1
Réamhrá .....	3
Cúlra – Cad chuige an Forlónadh seo? .....	3
Amlíne na n-eachtraí do dhaoine óga ladt le linn na mblianta meánscoile (aois i mblianta) .....	4
Acmhainn na Roinne Oideachais agus Scileanna atá ann cheana .....	5
Ag Obair le Polasaí: An Plean Treorach .....	5
Ag Obair le Scoláirí Aonair .....	6
Roinnt pointí ginearálta do threoirchomhairleoirí ag obair le scoláirí LADT .....	7
Má thagann scoláire amach chugat i suíomh aghaidh ar aghaidh .....	8
I measc na réimsí ábhartha eile a d'fhéadfaí a fhiosrú tá: .....	9
Téarmaí agus Sainmhínte .....	10
Acmhainní agus Eolas Eile .....	11
Treoirlínte & Acmhainní .....	11
Taighde & Ailt .....	11

## Réamhrá

Tá an forlíonadh seo a thugann cur síos ar ról an treoirchomhairleora i dtacú le scoláirí lespiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha (LADT) cruthaithe ag GLEN – Gay and Lesbian Equality Network don Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO).

Táimid fíorbhuíoch d’Institiúid na dTreoirchomhairleoirí agus de Threoirchomhairleoirí aonair as an bhforlíonadh seo a athbhreithniú agus cuidiú leis roimh a fhoilsiú.

## Cúlra – Cad chuige an Forlíonadh seo?

Le blianta beaga anuas tá aird níos mór tugtha ar cheisteanna maidir le claonadh gnéis i scoileanna dara leibhéal. Aithnítear go forleathan gur fadhb thromchúiseach i an bhulaíocht homafóbach agus gur féidir tionchar an-díobhálach a bheith aici orthu siúd a fhulaingíonn í, beag beann ar a gclaonadh gnéis.

Tá aitheantas freisin ann go bhfuil baisteachán cineálach agus úsáid na bhfocal ar nós ‘aerach’ mar théarmaí díspeagúla drochúsáide go coiteann in neart scoileanna. Go minic bíonn treoirchomhairleoirí i gcroílár fhreagra na scoileanna agus iad ag plé leis na saincheisteanna seo.

Féachann an forlíonadh seo le comhairle a chur ar threoirchomhairleoirí de réir mar a thacaíonn siad le scoláirí lespiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha (LADT); mar a thugann siad aghaidh ar bhulaíocht homafóbach agus baisteachán agus mar a chuidíonn le scoileanna a chruthú agus a chothabháil mar áiteanna atá sábháilte, tacúil agus dearfach do na scoláirí uile, beag beann ar a gclaonadh gnéis nó a bhféiniúlacht inscne.

Baineann na treoirlínte seo go príomha le scoláirí lespiacha, aeracha agus déghnéasacha scoláirí. Saincheisteanna iontu féin is ea claonadh gnéis agus féiniúlacht inscne ach tá siad gaolta lena chéile i dtéarmaí “teacht amach”, bulaíocht agus leithcheal. Tá eolas sainiúil don Treoirchomhairleoir ar shaincheisteanna Trasinscneacha ar fáil ó Transgender Equality Network Ireland ([www.teni.ie](http://www.teni.ie)).

**AMLÍNE NA N-EACHTRAÍ DO DHAOINE ÓGA LADT LE LINN  
NA mBLIANTA MEÁNSCOILE (aois i mblianta)**

12		12 - an aois is coitianta le bheith feasach faoi aitheantas LADT
	Tosú sa Mheánscoil	
13		
14		
15		
	Teastas Sóisearach	
16		16 - tosaíonn na daoine is leochailí ar an bhféinghortú
17		17 - an aois is coitianta le ‘teacht amach’
	Ardteist	17.5 - déanann na daoine is leochailí iarracht ar an bhféinmharú don chéad uair
18		

## Acmhainn na Roinne Oideachais agus Scileanna atá ann cheana

D'eisigh an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhair le GLEN (Gay and Lesbian Equality Network) *Lesbian, Gay and Bisexual Students: Guidance for Principals and School Leaders\** (Treoir do Phríomhoidí agus do Cheannairí Scoile) chuig na scoileanna dara leibhéal uile, a thugann eolas luachmhar ar nithe ar nós:

- > Aitheantas chlaonadh gnéis ag teacht chun cinn san ógántacht;
- > ‘Ag teacht amach’;
- > Bulaíocht homafóbach;
- > Ag obair le baill foirne eile agus le tuismitheoirí ar shaincheisteanna faoi chlaonadh gnéis;
- > Scoláirí leispiacha, aeracha agus déghnéasacha a áireamh i bpolasaí scoile.

**Ba chóir an forlónadh seo a léamh i gcomhar le Treoir na Roinne Oideachais agus Scileanna/GLEN do Phríomhoidí agus do Cheannairí Scoile.**

\*Clliceáil anseo chun cóip a íoslódáil  
([http://www.glen.ie/attachments/schools\\_guidance.PDF](http://www.glen.ie/attachments/schools_guidance.PDF))

## Ag Obair le Polasaí: An Plean Treorach

Ba chóir do dhá cháipéis polasaí riachtanach an obair ar an bPlean Treorach a threorú, is iad sin:

> Molann treoirlínte na Roinne Oideachais agus Scileanna do Scoileanna Dara Leibhéal ar impleachtaí Ailt 9 (c) den Acht Oideachais 1998 maidir le rochtain na scoláirí ar threoir gur chóir go mbeadh an plean treorach á stiúradh, nuair is féidir, ag treoirchomhairleoir/na treoirchomhairleoirí. Aibhsíonn na Treoirlínte go n-aithníonn an Plean Forbartha Náisiúnta (2000-2006) go bhfuil mór-ról coisctheach ag seirbhís treorach na scoile i gcuidiú le daoine óga atá i mbaol fanacht sa chóras oideachais foirmiúil. Íoslódáil anseo:

[http://www.ncge.ie/uploads/pp\\_guidelines\\_second\\_level\\_schools\\_9c.pdf](http://www.ncge.ie/uploads/pp_guidelines_second_level_schools_9c.pdf)

> Soláthraíonn foilseachán LNTO, *Clár Treorach na Scoile a Phleanáil* cúnaimh cuimsitheach don treoirchomhairleoir, do bhainistíocht na scoile agus do pháirtithe leasmhara chun plean treorach scoile a thuiscint, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Íoslódáil anseo: [http://www.ncge.ie/reports/Pl\\_Sch\\_Gui\\_prog\\_leaf.pdf](http://www.ncge.ie/reports/Pl_Sch_Gui_prog_leaf.pdf)

Réimse polasaí chriticiúil in aithint riachtanas na scoláirí is ea an Plean Treorach; baineann sé seo ach go háirithe leo siúd le riachtanais speisialta oideachais, le grúpaí mionlaigh agus leo siúd atá i mbaol na luathfhágála scoile. Tá sé léirithe ag taighde le déanaí go gcaillfidh codán suntasach de dhaoine óga LADT scoil toisc go bhfuil faitíos orthu go ndéanfar íospairt orthu mar thoradh ar a féiniúlacht LADT agus, dá bhrí sin, nach gcríochnóidh roinnt acu an scoil. Mar thoradh ar íospairt ar scoil, cuirtear foghrúpa suntasach de dhaoine óga LADT i mbaol an fhéinmharaithe. Mar sin, ba chóir riachtanais na ndaoine óga LADT a chur san áireamh laistigh den Plean Treorach.

I dTreoir na Roinne Oideachais agus Scileanna / GLEN do Phríomhoidí agus do Cheannairí Scoile moltar go leagfaidh an plean treorach amach nósanna imeachta scoile i bhfreagairt do scoláire a ‘thagann amach’, agus tugtar liosta de mholtaí maidir leis an gcruith ba chóir a bheith ar pholasaí dá leithéid (féach leathanach 13). Áiríonn siad seo;

- > Acmhainní agus tacaí ábhartha a ainmniú;
- > Daoine aonair tábhachtacha a ainmniú atá in ann tacú leis an scoláire;
- > Dul i gcomhairle leis an duine óg faoina riachtanas, más ann dóibh;
- > Comhairle a chur ar bhail foirne eile faoin gcaoi inar chóir dóibh freagairt;
- > Athbhreithniú agus treisiú ar pholasaí Frithbhulaíochta agus ar Chód Iompraíochta na scoile.

## **Ag Obair le Scoláirí Aonair**

Go minic is é/í an treoirchomhairleoir an duine a roghnóidh scoláire chun a rá leo go bhfuil siad leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach. Ba chóir do threoirchomhairleoirí scoláire a chur ar a s(h)uaimhneas go gcaithfidh siad le heolas faoi rún, a fhad is nach bhfuil sé/sí i mbaol.

Pléann an Treoir do Phríomhoidí agus do Cheannairí Scoile le ‘teacht amach’ le níos mó sonraí (féach leathanaigh 9-10); déantar roinnt pointí ginearálta a athrá anseo:

- > Ba chóir do scoileanna a chur in iúl do dhaoine óga LAD go bhfuil meas comhionann orthu; go gcaithfear leo cothrom le scoláirí eile, agus go gcinnteoidh ceannaireacht na scoile go bhfuil sábháilteacht agus tacaíocht acu. Tá sé ríthábhachtach go mothaíonn duine óg LAD atá ag dul i dtaithí ar a gclaonadh gnéis go bhfuil tacaíocht agus meas ann dóibh, is cuma an nochtáíonn siad a gclaonadh gnéis nó nach nochtáíonn.
- > Nuair a dhéanann duine óg ‘teacht amach’ mar leispiach, aerach, déghnéasach, tá a gclaonadh gnéis agus féiniúlacht á nochtadh acu. Tá sé tábhachtach nach dtuigtear é seo mar ráiteas rannpháirtíochta in iompraíocht ghnéasach. Mar sin féin, baineann an chomhairle a thugtar sna Treoirlínte um Chosaint Leanaí maidir le gníomhaíocht ghnéasach leis na scoláirí uile, beag beann ar a gclaonadh gnéis.

[http://www.education.ie/ga/Tuismitheoirí/Eolas/Cosaint-Leanaí/cp\\_procedures\\_primary\\_post\\_primary\\_2011\\_ir.pdf](http://www.education.ie/ga/Tuismitheoirí/Eolas/Cosaint-Leanaí/cp_procedures_primary_post_primary_2011_ir.pdf)

Nóta: Is í 17 an aois toilithe dhlíthiúil in Éirinn do bhuachaillí agus do chailíní do ghnéas heitrighnéasach agus homaighnéasach.

> Níor chóir dul i dteagmháil le tuismitheoirí an scoláire ach amháin má tá cúis dhlísteanach ag údaráis na scoile le bheith buartha faoi shábháilteacht an scoláire. Go minic bíonn fíor-fhaitíos ar dhuine óg go dtabharfaidh a t(h)eaghlach droim láimhe dó/di agus, dá bhrí sin, bíonn sé níos éasca dó/di ‘teacht amach’ chuig daoine eile ar dtús. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh taithí dhearfach ag ‘teacht amach’ chuig daoine eile, nuair a ghlactar go réidh leo, chun meabhairshláinte agus folláine an duine óig a chosaint; is féidir leis freisin eagla an duine óig a laghdú maidir le nochtadh ar deireadh chuig a t(h)eaghlach agus cairde. (Maycock et al, 2009)

## Roinnt pointí ginearálta do threoirchomhairleoirí ag obair le scoláirí LADT

> Mothaíonn neart treoirchomhairleoirí nach saineolaithe iad ar shaincheisteanna leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha (LADT). Tá saincheisteanna LADT cosúil leis na saincheisteanna eile ar fad bhaineann le taithí saoil dhaoine sa tslí go bhfuil an taithí a bhíonn ag gach aon duine uathúil agus is í an taithí sin ba chóir a bheith mar phrionsabal treorach i suíomh na comhairleoireachta. Mar sin féin, is féidir leat cur le d’eolas agus do thuiscint ar na saincheisteanna is cás le daoine LADT i gcoitinne – tá roinnt foinsí úsáideacha ar fáil anseo.  
<http://www.glen.ie/education.html>

> Léirigh go bhfuil tú oscailte chun labhairt faoi shaincheisteanna LADT trí phóstaeir agus eolas le hábhar LADT a chur ar taispeáint.

Tuigfidh formhór na scoláirí LADT uaidh seo go bhfuil dearcadh dearfach agat i leith dhaoine LADT. Tá póstaeir agus ábhair eile ar fáil ó BeLonG To Youth Services.

> Ba chóir go mbeadh treoirchomhairleoirí ar an eolas faoi chlaonadh gairmiúil a d’fhéadfadh a bheith ann i bhfoirm paiteolaíochtaíthe (breathnú ar fhéiniúlacht LADT dhuine mar neamhord nó mar fhadhb, murab ionann agus cuid d’fhéiniúlacht dhuine); steiréitíopáil (ag glacadh leis go bhfuil duine LADT toisc go mbreathnaíonn go ngníomhaíonn nó go labhraíonn siad ar bhealach áirithe); stiogmatú (ag greamú náire le féiniúlacht LADT). Ba chóir do threoirchomhairleoirí tacaíocht a sholáthar ar bhealach íogair.

> Seachain an bhunbharúil go bhfuil an scoláire ag dul trí chéim nó go bhfuil siad ró-óg le fios a bheith acu go bhfuil siad leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach.

> Déan cinnte go bhfuil teagmhálacha agus eolas suas le dáta agat a chuideoidh leat tacaíocht chruthaitheach agus bhríoch a thabhairt – (Treoir do Phríomhoidí agus do Cheannairí Scoile leathanaigh 24 & 25).

> Má tá tú éiginnte faoi rud éigin cuir ceist ar dhuine LADT, beidh formhór díobh lánsásta do thuiscint a shoiléiriú. Mar an gcéanna, tá sé ceart go leor a rá ‘Níl a fhios agam, ach déanfaidh mé iarracht a fháil amach’ nó ‘B’fhéidir nach mbeidh sé seo á rá agam ar an mbealach is oiriúnaí, mar sin ceartaigh mé má tá dul amú orm ...’.

> Má chuirtear duine óg chugat toisc gur fhulaing siad bulaíocht homafóbach, ná glac leis go bhfuil siad LADT, ach díriú ar an mbulaíocht seachas ar fhéiniúlacht an duine óig. Cuir deiseanna ar fáil dó/di le hinsint duit go bhfuil siad LADT más mar sin atá an scéal.

***Má cheapann tú go bhféadfadh scoláire a bheith LADT agus gur mhaith leo labhairt leat faoi ach nach bhfuil siad á rá go díreach, b’fhéidir go gcuideoidís seo a leanas:***

> Mínigh gurb é an ról atá agatsa ná cuidiú le scoláirí sna gnéithe uile dá dtaithí ar scoil – pearsanta, sóisialta, oideachais agus gairme.

> Cuir an scoláire ar a s(h)uaimhneas gur féidir leor labhairt leat faoi rud ar bith atá ag dul i gcion orthu ar scoil. Abair leis an scoláire go bhfuil an tseirbhís a chuireann tú ar fáil faoi rún agus nach mbeidh ort an Príomhoide nó na tuismitheoirí a chur ar an eolas ach amháin má chreideann tú go bhfuil sé/sí i gcontúirt.

> Cuir an scoláire ar a s(h)uaimhneas go ndéanann tú iarracht gan breithiúnas a thabhairt faoi dhuine ar bith agus go bhfuil neart taithí agat de bheith ag obair le scoláirí maidir le neart saincheistanna éagsúla.

> Deimhnigh don scoláire, más rud é nach bhfuil tú in ann tacaíocht a thairiscint, go n-aimseoidh tú an tacaíocht chuí.

> Má mheasann tú é a bheith iomchuí, d’fhéadfá ráiteas oscailte a dhéanamh, ar nós “bíonn amanna deacra as neart daoine óga nuair a bhíonn siad measctha faoi nithe éagsúla, is é an jab atá agamsa ná an tacaíocht atá de dhíth air/uirthi a thabhairt dó/di”.

> Mar an gcéanna le gach cás eile, más rud é nach n-osclaíonn an scoláire suas, i ndiaidh duit an deis a thabhairt chun é sin a dhéanamh, ná fiafraigh den scoláire faoina bhféiniúlacht LADT, ach amháin má ‘thagann siad amach’ ar dtús.

## **Má thagann scoláire amach chugat i suíomh aghaidh ar aghaidh**

Am tábhachtach i saol dhaoine LADT is ea teacht amach agus má fhiafraíonn tú de scoláire faoina dtaithí ar theacht amach léiríonn tú do thuiscint ar a staid; i measc na mbealaí chun ceistanna a chur tá;

> “An bhfuil a fhios ag cara ar bith leat go bhfuil tú aerach?”

> “Ar tháinig tú amach chuig do theaghlach?”



- > “Cé mar atá cúrsaí ó tháinig tú amach?”
- > “Cé/cad a chuidigh leat sa phróiseas teachta amach?”
- > “An raibh aon eispéireas dearfach/diúltach agat ó tháinig tú amach?”
- > “An bhfuil aon nithe ba mhaith leat a phlé liom maidir le do chlaonadh gnéis?”

### **I measc na réimsí ábhartha eile a d’fhéadfaí a fhiosrú tá:**

- > Cad a chuala an scoláire á rá ag daoine eile go díreach nó go hindíreach faoi bheith LADT; scrúdaigh teachtaireachtaí dearfacha, diúltacha agus neodracha a fuair siad ar an mbealach sin.
- > Conas a mhothaíonn sé/sí faoina gclaonadh gnéis nó féiniúlacht inscne.
- > Leibhéal glacachta le féiniúlacht LADT; d’fhéadfadh sé/sí a bheith sna céimeanna tosaigh ar fad de ‘theacht amach’ agus b’fhéidir nach mbeidh glactha go hiomlán aige/aici lena gclaonadh gnéis nó féiniúlacht inscne; mar sin, tá sé tábhachtach déileáil leis seo go mothálach.
- > Pléigh cén tacaí/líonra sóisialta atá ag an scoláire – lena n-áirítear daoine LADT eile.

## Téarmaí agus Sainmhínte

**Leispiach:** Is éard is bean leispiach ann ná bean a dtaitníonn mná léi go rómánsúil, go gnéasach agus/nó go mothúchánach. B'fhearr le neart leispiach go dtabharfaí leispiach seachas aerach orthu.

**Aerach:** Is éard is fear aerach ann ná fear a dtaitníonn fir leis go rómánsúil, go gnéasach agus/nó go mothúchánach. Is féidir an focal aerach a úsáid cun tagairt go ginearálta do dhaoine leispiacha, aeracha agus déghnéasacha ach b'fhearr le neart ban go dtabharfaí leispiach orthu. Níor mhaith le formhór na ndaoine aeracha go dtagrófaí dóibh mar homaighnéasach toisc go bhfuil brí stairiúil dhiúltach ag an bhfocal sin agus gur fearr a léiríonn an focal aerach a bhféiniúlacht.

**Déghnéasach:** Is éard is duine déghnéasach ann na duine a dtaitníonn daoine den dá ghnéas leis nó léi go rómánsúil, go gnéasach agus/nó go mothúchánach.

**Trasinscneach** nó **Tras:** Scáth-théarma a úsáidtear chun cur síos ar dhaoine a bhfuil a bhféiniúlacht inscne (mothú inmheánach de bheith fireann nó baineann) agus/nó léiriú inscne éagsúil óna bhfuil gaolta lena ngnéas breithe. Ní gá go mbeidh féiniúlacht mar dhuine trasinscneach ag gach aon duine a mbíonn cuma nó iompraíocht neamh-thipiciúil ó thaobh gnéis de. Maireann neart daoine trasinscneacha go páirtaimseartha nó go lánaimseartha i ngnéas eile. Is féidir le daoine trasinscneacha féiniúlacht thrasghnéasach, thrasfheisteora nó eile a bheith acu.

**Féiniúlacht inscne:** Tagraíonn féiniúlacht inscne do ché acu an mothaíonn duine fireann, baineann nó trasinscneach (beag beann ar ghnéas bitheolaíoch an duine). Tagraíonn léiriú inscne don léiriú seachtrach ar fhéiniúlacht inscne an duine.

**Claonadh gnéis:** Tagraíonn claonadh gnéis do phatrún seasmhach de mhealladh mothúchánach, rómánsúil agus/nó gnéasach le fir, mná nó leis an dá ghnéas. Tagraíonn claonadh gnéis freisin do mhothú féiniúlachta dhuine bunaithe ar na meallaí seo, iompraíochtaí atá gaolta leo, agus ballraíocht i bpobal de dhaoine eile a bhfuil na meallaí sin acu freisin. Aithnítear trí chlaonadh gnéis i gcoitinne – heitrighnéasach, homaighnéasach (aerach agus leispiach) agus déghnéasach.

**Homafóibe:** Tagraíonn homafóibe don eagla roimh, nó claontacht agus leatrom i gcoinne, dhaoine leispiacha, aeracha agus déghnéasacha. Is éard atá ann freisin ná míghnaoi ar an mealladh nó grá don ghnéas céanna nó fuath do dhaoine a bhfuil na mothúcháin sin acu. Baineadh úsáid as an téarma don chéad uair sna 1970í agus tá baint aige níos mó le haineolas, le claontacht agus le steiréitíópáil ná mar atá leis na frithghníomhartha fiseolaíocha a bhíonn luaite de ghnáth le 'fóibe'.

Cé gur minic nach ndéantar barúlacha nó dearchtaí homafóbacha d'aon ghnó, is féidir leo gortú agus feall a dhéanamh ar dhaoine leispiacha, aeracha agus déghnéasacha.

**Trasfóibe:** Tagraíonn trasfóibe don eagla roimh, nó claontacht agus leatrom i gcoinne, dhaoine atá trasinscneach nó a gceaptar go sáraíonn siad noirm de ghnéas, d'fhéiniúlacht inscne nó de léiriú inscne. Cé gur minic nach ndéantar barúlacha nó dearchtaí trasfóbacha d'aon ghnó, is féidir leo gortú agus feall a dhéanamh ar dhaoine trasinscneacha.

## Acmhainní agus Eolas Eile

Chomh maith leis na hacmhainní a ainmnítear sna treoirínte seo d'fhéadfadh na hacmhainní seo a leanas a bheith tairbheach. Tá siad uile ar fáil ó shuíomh gréasáin GLEN [www.glen.ie](http://www.glen.ie)

## Treoirínte & Acmhainní

*Addressing Homophobia: Guidelines for the Youth Sector in Ireland.* Office of the Minister for Children and Youth Affairs and BeLonG To Youth Services.

Department of Education & Science and GLEN. *Lesbian, Gay and Bisexual Students: Guidance for Principals and School Leaders.*

*'More than a Phase': A Resource Guide for the Inclusion of LGBT Learners in Formal and Non-Formal Education.* Local Development Social Inclusion Programme (LDSIP), Pobal. 2006.

*Teachers Supporting Diversity: Lesbian, Gay and Bisexual Students.* ASTI, TUI and GLEN.

*Transgender and Gender Diversity Information for Guidance Counsellors.* TENI.

## Taighde & Ailt

*Diversity at School - Chapter 5: Sexual Orientation.* The Equality Authority, 2004.

*Drug Use Amongst Lesbian, Gay, Bisexual and Transgender Young Adults in Ireland.* BeLonG To Youth Project, 2007.

Lodge, A; Gowran, S & O'Shea, K. *Valuing Visibility: An Exploration on How Sexual Orientation Issues Arise and Are Addressed in Post-Primary Schools - Summary Report.*

Mayock, Paula, Bryan, Audrey, Carr, Nicola & Kitching, Karl (2009) *Supporting LGBT Lives: A Study of the Mental Health and Well-Being of Lesbian, Gay, Bisexual and Transgender People.* GLEN & BeLonG To.

Minton, Stephen, James, Dahl, Torunn, O'Moore, Astrid, Mona & Tuck, Donnelly. 2008. "An Exploratory Survey of the Experiences of Homophobic Bullying Among Lesbian, Gay, Bisexual and Transgendered Young People in Ireland". *Irish Educational Studies*. Vol. 27, No. 2, June 2008, 177-191.

Norman, J; Galvin, M & McNamara, G. 2006. *Straight Talk: Researching Gay and Lesbian Issues in the School Curriculum.* Dublin City University.

Teagmhálacha Breise

Gay and Lesbian Equality Network - GLEN [www.glen.ie](http://www.glen.ie) Teil. 01 672 8650

BeLonG To Youth Services [www.belongto.org](http://www.belongto.org) Teil. 01 670 6223

Transgender Equality Network Ireland - TENI [www.teni.ie](http://www.teni.ie) Teil. 01 633 4687

Loving Our Out Kids – LOOK: Grúpa tacaíochta do thuismitheoirí dhaoine óga LADT. [www.lovingouroutkids.org](http://www.lovingouroutkids.org) 087 2537699

Oibríonn GLEN chun polasaí agus cleachtas a athrú chun comhionannas a chinntiú do dhaoine lespiacha, aeracha agus déghnéasacha in Éirinn. Mórthosaíocht do GLEN is ea tacú leis na comhpháirtithe oideachais lena chinntiú gur timpeallachtaí sábháilte, tacúla agus dearfacha iad na scoileanna inar féidir le daoine óga LAD tairbhe a bhaint as an oideachas ar bhonn cothrom lena bpiaraí heitrighnéasacha. Bhain GLEN Gradam Dhaoine na Bliana amach i 2010.

Gníomhaireacht de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna is ea LNTO. Tugann LNTO comhairle faoi pholasaí agus straitéisí chun contanam na treorach a chothú i gcomhthéacs na foghlama ar feadh an tsaoil, cothaíonn siad forfheidhmiú an deachleachtais agus soláthraíonn siad comhairle, tacaíocht, ábhair agus acmhainní don treoir agus don chomhairliúchán san oideachas. Déan teagmháil le LNTO ar 01-8690715 nó féach [www.ncge.ie](http://www.ncge.ie) le haghaidh tuilleadh sonraí.